


OIDEACHAS DO LEANAÍ FAOI CHOINNEÁIL AGUS FAOI CHÚRAM

Scoileanna in Aonaid Ardtacaíochta, Aonaid Sainchúraim agus
Ionaid Choinneála Leanaí



AN CHIGIREACTH

Tuairisc ilchodach bunaithe ar mheastóireachtaí déanta ó 2013 go 2015

© 2017 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Arna fhoilsiú ag
An Chigireacht
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 RC96

Tá an foilseachán seo ar fáil ag www.education.ie

CLÁR

Caibidil 1	RÉAMHRÁ	1
Caibidil 2	CINNTÍ	5
2.1	Léargas ginearálta ar na cinntí.....	5
2.2	Príomhghnéithe le feabhsú.....	5
2.3	Struchtúir bhainistíochta.....	6
2.4	Measúnú tosaigh ar riachtanais na bhfoghlaimoirí.....	6
2.5	Pleanáil aonair agus socrú spriocanna.....	7
2.6	Measúnú leanúnach ar riachtanais na bhfoghlaimoirí.....	9
2.7	Litearthacht agus uimhearthacht.....	10
2.8	Tinreamh.....	11
2.9	Pleanáil scoile uile.....	13
2.10	Achoimre.....	14
Caibidil 3	MOLTAÍ	16
3.1	Forbairt a dhéanamh ar struchtúir bhainistíochta scoileanna do leanáí faoi choinneáil agus faoi chúram.....	16
3.2	Litearthacht agus uimhearthacht.....	17
3.3	Pleanáil aonair agus socrú spriocanna.....	17
3.4	Measúnú.....	18
3.5	Tinreamh.....	18
3.6	Pleanáil scoile uile.....	19
AGUISÍN 1: Soláthar Oideachais do Leanáí faoi Choinneáil agus faoi Chúram – Aibreán 2016		20
AGUISÍN 2: Leabharliosta		21

Caibidil 1 RÉAMHRÁ

1.1 Soláthar oideachais do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram

Faoi láthair tá seacht scoil agus rang speisialta amháin ceangailte le scoil phríomhshrutha a fhreastalaíonn ar leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram sa Stát. Is féidir iad seo a chatagóiriú mar scoileanna in Ionaid Choinneála Leanaí (ICL), Aonaid Ardtacaíochta (AAT), agus Aonaid Sainchúraim (ASC). De ghnáth, bíonn scoileanna in ICLanna ag freastal ar leanaí atá ciontaithe nó curtha faoi choimeád ag na cúirteanna. Den chuid is mó, bíonn scoileanna in AATanna ann do leanaí a bhfuil dúshlán thromchúiseacha mhothúchánacha agus iompraíochta acu agus freastalaíonn scoileanna in ASCanna ar leanaí a bhfuil orduithe speisialta cúraim déanta ag na cúirteanna ina leith. Ach níl na héagsúlachtaí seo iomlán agus bíonn cuid de na scoileanna ag freastal ar leanaí ó níos mó ná ceann amháin de na catagóirí sin. Tá tromlach na leanaí atá ag freastal ar na scoileanna sin i gcúram cónaithe in ionad ar an gcampas céanna leis an scoil nó i ngaireacht réasúnta di, tá roinnt acu i socrúchán comhroinnte i dteach altramaís agus tá cónaí ar líon beag díobh ina dteaghlai ghéara lena dtuismitheoirí nó le garghaolta. Déanann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) cigireacht go rialta ar na hionaid chónaithe seo go léir agus tá tuairiscí ar na cigireachtaí seo ar fáil ar shuíomh gréasáin HIQA.

Seachas an scoil ar champas Bhaile an Oibricigh, ina raibh daichead a haon scoláire rollaithe sa scoilbhliain 2016/2017 agus líon foirne d'aon mhúinteoir déag lánaimseartha agus cúig mhúinteoir déag páirtaimseartha, bíonn líon na scoláirí atá rollaithe sna scoileanna seo idir ceathrar agus seacht nduine déag. Ar an meán tá ceathrar múinteoirí lánaimseartha agus triúr múinteoirí páirtaimseartha fostaithe sna scoileanna sin¹.

Sa bhliain 2013, gheall an Chigireacht go mbeadh clár ann de chigireachtaí bliantúla ar scoileanna in AATanna, ASCanna agus ICLanna d'fhonn dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar an oideachas a chuirtear ar fáil do na leanaí, agus chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar do na múinteoirí, na príomhoidí agus lucht bainistíochta na scoileanna. Tá an cur chuige cigireachta a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar an soláthar sna scoileanna seo ceaptha le déileáil leis na cúinsí ar leith ina bhfuil siad ag feidhmiú. Cuireann na réimsí fiosraithe atá i gcroílár na samhla meastóireachta san áireamh eispéiris éagsúla pearsanta, shóisialta, agus oideachais na scoláirí sular cuireadh iad AAT, ASC nó ICL iad, rudaí a d'fhéadfadh dul i gcion ar a rannpháirtíocht, gnóthachtáil agus dul chun cinn sa scoil.

Idir 2013 agus 2015, rinneadh 26 meastóireacht sna hocht scoil atá ceangailte le AATanna, ASCanna, agus ICLanna agus rinneadh meastóireacht faoi dhó, ar a laghad, ar gach ceann de na suíomhanna sin sa tréimhse sin. Tá an tuairisc seo bunaithe ar na tuairiscí foilsithe ag eascairt as na meastóireachtaí a rinneadh sna hocht scoil sin.

1.2 Aidhm na tuairisce seo

Tá próiseas na cigireachta dírithe ar eolas soiléir a sholáthar maidir le cáilíocht an tsoláthair sna scoileanna seo agus cuidiú le hathrú agus le feabhsúchán i scoileanna. Féachtar leis an tuairisc seo, dá bhrí sin, le heolas atá soiléir agus bunaithe ar fhianaise a sholáthar do na páirtithe leasmhara go léir maidir le cáilíocht an oideachais i scoileanna do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram. Féachtar freisin le béim a leagan ar ghnéithe ar leith den soláthar gur féidir leis na scoileanna díriú orthu agus iad ag iarraidh feabhas leanúnach agus forbairt

¹ In Aguisín 1 tugtar liosta iomlán de na scoileanna in AATanna, ICLanna agus ASCanna

a dhéanamh ar cháilíocht a soláthair. Féadfaidh na ranna rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit ábhartha na cinntí agus na moltaí atá sa tuairisc a úsáid freisin chun feabhsúchán a chur chun cinn san oideachas a chuirtear ar fáil do scoláirí sna scoileanna seo.

1.3 Próifíl na bhfoghlaimoirí

D'fhonn comhthéacsanna uathúla na scoileanna seo a thuiscint go hiomlán, tugtar próifíl ghonta de na foghlaimoirí atá rollaithe iontu.

Gné uathúil de chuid na scoileanna seo is ea an scéal nach bhfuil na foghlaimoirí rollaithe iontu dá dtoil féin nó de thoil a dtuismitheoirí. Tá siad ann toisc go bhfuil seirbhís níos speisialta de dhíth orthu ná mar is féidir le scoileanna príomhshrutha a sholáthar, nó toisc go bhfuil siad faoi orduithe cúraim speisialta tugtha ag na cúirteanna nó mar thoradh ar chiontuithe nó socrúcháin faoi choinneáil a rinne na cúirteanna. Tá tromlach mór na scoláirí ag freastal ar na scoileanna in aois na hiar-bhunscoile, idir trí bliana déag agus ocht mbliana déag.

Bhí formhór na bhfoghlaimoirí faoi mhíbhuntáiste tromchúiseach oideachais sa mhéid is go raibh eispéiris bhriste agus dhiúltacha acu i dtaca leis an oideachas agus leis an scolaíocht i gcoitinne le tréimhse fhada. Tagann neart acu ó chúla de mhíbhuntáiste sóisialta leanúnach lena n-áirítear cur isteach suntasach ar eispéiris baile agus teaghlaigh agus, i roinnt cásanna, nochtadh do mhí-úsáid substaintí. Cé nach ndearna meastóireachtaí na Cigireachta fiosrú go díreach faoi stair oideachais roimhe sin de chuid na bhfoghlaimoirí, tugann taighde (Byrne, 2014)² le tuiscint, cé gur fhreastal neart díobh ar an mbunscoil, bhí mionlach suntasach ann nár fhreastal ar mheánscoil ar bith roimh rollú ar scoil in ionad coinneála nó cúraim agus, díobh siúd a d'fhreastal, rinneadh formhór díobh a chur amach nó a chur ar fionraí uair amháin ar a laghad. Mar sin, bhí taithí ag na foghlaimoirí go léir, beagnach, ar theip agus/nó ar dhiúltú am éigin ina stair oideachais. Léiríonn cuid díobh iompraíochtaí dúshlánacha freisin, lena n-áirítear cúlú tromchúiseach, ionsaitheacht agus bulaíocht.

Is féidir an tréimhse ama a chaitheann foghlaimoirí sna scoileanna a bheith idir dhá sheachtain agus ceithre bliana. Is féidir fadhbanna a bheith ag baint leis na socrúcháin ghearra seo maidir le pleanáil agus seachadadh cláir oideachais do na foghlaimoirí. Mar shampla, b'fhéidir nach mbeidh roinnt foghlaimoirí rollaithe sa scoil fada go leor le go mbeidh an scoil ábalta measúnú a dhéanamh ar a riachtanais agus pleanáil dá bhfoghlaím. Maidir le foghlaimoirí eile, féadfaidh socrúcháin ghearra agus an iliomad aistrithe idir scoileanna dul i gcion ar a gcumas le cláir Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) a chríochnú go rathúil. Cé gur fhreastal roinnt de na foghlaimoirí ar scoileanna príomhshrutha roimh a socrúchán sna scoileanna agus go n-aistríonn siad ar ais chuig scoileanna príomhshrutha, bíonn cuid acu a thagann agus/nó a théann ar aghaidh chuig Ionaid Ógtheagmhála (YR³) nó scoileanna um Thionscadal Comhchaidrimh don Ógra (YEP⁴). Mar sin, cé go bhfuil tábhacht le naisc láidre leis na scoileanna ina raibh an foghlaimoir roimhe agus ina mbeidh an foghlaimoir ina dhiaidh, chun leanúnachas agus dul chun cinn a sholáthar in eispéiris

² Education for Juvenile Offenders – Process and Experience in an Irish Detention School. Tráchtas Ph.D nár foilsíodh. Coláiste Phádraig, Droim Conrach

³ Tairgeann an clár YR oideachas agus oiliúint athdheise do dhaoine óga a d'fhág an scoil go luath. Tá sé dírithe ar luathfhágáilithe scoile atá óg agus dífhostaithe, agus iad idir cúig bliana déag agus fiche bliain d'aois, agus feidhmíonn sé ar bhonn lánaimseartha ar feadh na bliana ar fad. Féachann YR leis an eolas, na scoileanna agus a mhúinín a sholáthar do luathfhágáilithe scoile atá de dhíth chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus chun dul ar aghaidh chuig breisoideachas, oiliúint, agus fostaíocht.

⁴ Tá scoileanna YEP ceaptha le hoideachas neamhchónaitheach pobalbhunaithe a sholáthar do dhaoine óga atá coimhthithe ón oideachas príomhshrutha nó atá i mbaol géar ar an oideachas príomhshrutha a fhágáil.

foghlama, ní bhíonn na naisc seo bunaithe i gcónaí, agus bíonn tuilleadh scoilte ina n-oidreachas dá bharr.

Bíonn riachtanais speisialta oideachais agus tearc-ghnóthachtáil thromchúiseach sa litearthacht agus san uimhearthacht ag neart foghlaimeoirí sna scoileanna seo freisin, agus is féidir tearc-dhiagnóis a bheith ar chuid de seo. Bíonn tionchar an-láidir ag na deacrachtaí seo ar a gcumas leis an gcuraclam a rochtain agus tairbhe a dhóthain a bhaint as a n-eispéiris foghlama. Cuireann siad freisin le deacrachtaí sóisialta agus mothúchánacha atá gaolmhar leo agus tá impleachtaí leathana acu maidir le caidrimh a bhunú agus a choinneáil freisin le múinteoirí agus comhscoláirí.

Tá dúshlán ar leith ag baint leis an meascán de thosca atá mar chúis le socrúchán na scoláirí sna scoileanna seo. Áiríonn siad seo caidrimh dhearfacha a fhorbairt a chothóidh mothú de shábháilteacht mhothúchánach agus folláine, agus dearcadh fabhrach a chothú i dtaca leis an bhfoghlaim. Tá dúshlán freisin ag baint leis an bhforbairt ar chláir foghlama aonair atá bunaithe ar fhoghlaim ón bhforshaol a phléann le riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

1.4 Léargas ar shamhail na meastóireachta

Is é an creat do mheastóireacht ar scoileanna in ICLanna, AATanna agus ASCanna atá mar bhonn leis an ngníomhaireacht cigireachta agus atá mar bhonn le bailiú na fianaise agus leis an tuairisc fhoilsithe. Tá trí phríomhghné sa chreat meastóireachta:

- Teagasc, Foghlaim agus Tacaíocht do Scoláirí
- Eagraíocht agus Bainistíocht Scoile
- Pleanáil Scoile agus Féinmheastóireacht Scoile

Déantar gach ceann de na trí phríomhghné a fhoroinnt mar seo a leanas:

Teagasc, Foghlaim agus Tacaíocht do Scoláirí	Eagraíocht agus Bainistíocht Scoile	Pleanáil Scoile agus Féinmheastóireacht Scoile
Teagasc, foghlaim agus gnóthachtáil	Bainistíocht agus eagrú na scoile i gcoitinne	Pleanáil ag leibhéal na scoile uile, ag leibhéal an ranga agus ag leibhéal an scoláire aonair
Litearthacht agus uimhearthacht	Tinreamh agus coinneáil	
Scileanna saoil	Cosaint leanaí	
Dul chun cinn oideachasúil		

Tábla 1.1 An Creat Meastóireachta do Mheastóireachtaí ar Scoileanna in ICLanna, AATanna agus ASCanna.

Ní thugtar fógra roimh ré faoi mheastóireachtaí. I gcoitinne, maireann siad ar feadh dhá lá agus bíonn beirt chigirí á reáchtáil. Bailítear fianaise le linn raon gníomhaíochtaí cigireachta a áiríonn:

- Cruinniú tosaigh leis an bpríomhoide agus/nó leis an bpríomhoide tánaisteach (nó múinteoir eile i gceannas) nuair a shroicheann an cigire nó na cigirí an scoil.
- Sraith de chuairteanna ar sheomraí ranga
- Athbhreithniú ar cháipéisí
- Cruinniú le cathaoirleach an bhoird bhainistíochta/bainisteoir

- Grúpagalla(i)mh le scoláirí
- Ceistneoirí na múinteoirí a riar
- Cruinniú le stiúrthóir an ionaid chónaithe
- Agallamh agus cruinniú aiseolais leis an bpríomhoide agus/nó leis an bpríomhoide tánaisteach

2.1 Léargas ginearálta ar na cinntí

Fuair na cigirí amach go raibh cáilíocht fhoriomlán an tsoláthair sna scoileanna seo go maith nó go han-mhaith i bhformhór na gcásanna. Mar shampla, bhí cigirí dearfach faoi cháilíocht an teagaisc i dtromlach mór na gceachtanna a breathnaíodh. Tugadh cur síos ar na seomraí ranga mar thimpeallachtaí foghlama oiriúnacha agus spreagúla i bhformhór na gcásanna. Bhí ionchais na múinteoirí iomchuí agus luadh i gcoitinne gur spreagadh caidrimh ómósacha idir na múinteoirí agus na scoláirí. Bhí an teagasc dírithe agus ar luas a bhí in oiriúint do raon na n-inniúlachtaí agus na gcumas a bhí ag na scoláirí.

Rinneadh tagairtí dearfacha freisin sna tuairiscí do sholáthar de raon leathan de roghanna ábhair thar na siollabas iar-bhunscoile sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach. Dúirt na cigirí go raibh siad sásta lena mhéid ar cuireadh ar chumas na scoláirí gabháil do chreidiúint as a bhfoghlaim ag leibhéal dheimhnithe Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh, an Teastais Shóisearaigh, QQI, na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí. Thug na cigirí moladh mar an gcéanna do rannpháirtíocht na scoláirí lena bhfoghlaim. Go minic, luaigh tuairiscí an úsáid a bhaintear as modheolaíochtaí foghlama gníomhaí a fhéachann le scoláirí a ghríosadh agus le leibhéal arda rannpháirtíochta a chothú. Rinne formhór na dtuairiscí tagairt do scoláirí á múineadh i ngrúpaí beaga, i bpéirí nó ina n-aonair; agus soláthar na gclár curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais ar leith an scoláire. I gcoitinne, mhol na cigirí fiúntas an chuir chuige seo chun foghlaim neamhspleách a chur chun cinn.

I gceann amháin de na scoileanna, áit a raibh rang speisialta ardtacaíochta ag feidhmiú laistigh de bhunscoil phríomhshrutha, luaigh cigirí imní faoi oiriúnacht an tsoláthair d'fhoghlaimoirí a cuireadh i rang speisialta ar bhonn lánaimseartha. Go háirithe, nótáil siad difear suntasach idir cáilíocht an tsoláthair do na daltaí a bhí imeasctha go hiomlán sa scoil phríomhshrutha agus an soláthar dóibh siúd sa rang speisialta. Mhol na cigirí, mar sin, go ndéanfaí athbhreithniú ar chur chuige na scoile i dtaca le cuimsiú na bhfoghlaimoirí ón rang speisialta 'ag féachaint le cuimsiú iomlán na bhfoghlaimoirí uile a bhaint amach.'

2.2 Príomhghnéithe le feabhsú

D'fhonn béim a leagan ar ghnéithe ar leith den soláthar gur féidir leis na scoileanna díriú orthu, baineann an tuairisc seo úsáid as roinnt téamaí. Bhí na téamaí seo le sonrú sna tuairiscí go léir agus iad léirithe ina bpríomh-mholtaí. Seo a leanas na réimsí sin:

- Struchtúir bhainistíochta
- Measúnú tosaigh ar riachtanais na bhfoghlaimoirí
- Pleanáil aonair agus socrú spriocanna
- Measúnú leanúnach ar riachtanais na bhfoghlaimoirí
- Litearthacht agus uimhearthacht
- Tinreamh
- Pleanáil scoile uile

Sa chuid eile den tuairisc seo scrúdaítear gach ceann de na gnéithe soláthair i ndiaidh a chéile agus ansin críochnaítear le moltaí ar leith d'fheabhsúchán.

2.3 Struchtúr bhainistíochta

Réimse	Sásúil	Níos lú ná sásúil
Eagraíocht agus bainistíocht na scoile i gcoitinne	22	4

Tábla 1.2 Breitheanna cáilíochta maidir le heagrú agus bainistíocht na scoile i gcoitinne.

Cé go raibh eagraíocht agus bainistíocht na scoile i gcoitinne sásúil nó níos fearr ná sin i bhformhór na meastóireachtaí, aibhsíonn na tuairiscí leibhéal an-ard d'éagsúlacht sna scoileanna seo i dtéarmaí pátrúnachta agus struchtúr na mbord bainistíochta. Le linn an ama ina rinneadh na meastóireachtaí, bhí cúig cinn de na scoileanna faoi phátrúnacht TUSLA agus bhí dhá scoil faoi phátrúnacht údarás reiligiúnach. Níl aitheantas oifigiúil tugtha fós ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar cheann amháin de na scoileanna sin, agus dá bhrí sin níl pátrún nó bord bainistíochta aici faoi théarmaí an Achta Oideachais (1998). Agus an tuairisc seo á scríobh, fanann struchtúr pátrúnachta na scoileanna gan athrú.

Mar thoradh ar an éagsúlacht seo sa phátrúnacht agus sa bhainistíocht bhí roinnt neamhréireachtaí i gcomhlíonadh na scoileanna sin le roinnt de rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna. Sa chéad dá bhliain de na meastóireachtaí seo, nótáil tuairiscí ar bheagnach leath de na scoileanna nach raibh na nósanna imeachta um chosaint leanaí á gcomhlíonadh go hiomlán ag an scoil. Foin mbliain 2015 bhí na nósanna imeachta seo á gcomhlíonadh ag na scoileanna go léir.

Saincheisteanna eile a tháinig chun cinn maidir le feidhm an bhoird ab ea an gá go mbeadh boird bunaithe mar ba cheart, go mbuailfidís lena chéile ar a laghad cúig huaire sa bhliain agus go gcloífidís le gnáth-rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna amhail taifid tinrimh a choimeád ar bhealach atá ordaithe ag an Roinn. I leath de na scoileanna, tháinig ceist na forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) chun cinn. Sna cásanna seo mhol cigirí go dtabharfadh bainistíocht na scoile tús áite don cheist seo dá bhfoireann, go háirithe i bhfianaise 'éagsúlacht phróifíl na scoláirí atá ann'. I measc na réimsí do FGL dhírthe bhí litearthacht, bainistiú ar iompraíocht dhúshlánach agus pleanáil aonair. I scoil eile moladh an cleachtas d'iniúchadh a dhéanamh agus clár a choinneáil de FGL foirne, d'fhonn úsáid a bhaint as saineolas na foirne.

2.4 Measúnú tosaigh ar riachtanais na bhfoghlaimoirí

D'ardaigh na tuairiscí meastóireachta ar scoileanna do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram roinnt buarthaí maidir le cleachtais mheasúnaithe nuair a rollaítear foghlaimoirí sna scoileanna seo. Mar shampla, príomh-mholadh do scoil amháin ab ea é seo a leanas:

'Ba chóir raon cuí de nósanna imeachta measúnaithe a dhéanamh ar gach dalta ar tehacht isteach sa scoil dóibh chun a ngnóthachtálacha foghlama, riachtanais agus spéiseanna a bhunú, d'fhonn clár foghlama oiriúnach a chur ar bun do gach leanbh.'

Ina theanta sin, d'aibhsigh na sonraí ó cheistneoirí na múinteoirí a tugadh le linn na meastóireachtaí, atá i dTábla 1.3, ceist an mheasúnaithe ar rollú mar dhúshlán ar leith.

Líon na bhfreagraí = 206	Aontaím go láidir	Aontaím	Níl a fhios agam	Easaontaím	Easaontaím go láidir
Tá eolas maith agam faoi riachtanais agus cúlra oideachais scoláirí nua nuair a thagann siad isteach sa scoil seo	30.9%	43.8%	7.2%	15.5%	2.6%
Bíonn measúnú tosaigh ar riachtanais scoláire mar bhonn leis an gclár a chuirtear ar fáil dó/di	39.7%	52.1%	3.6%	4.1%	0.5%

Tábla 1.3 Freagraí céatadán ar dhá mhír ar cheistneoir na múinteoirí a bhaineann le measúnú tosaigh ar riachtanais soláirí

Léiríonn na figiúirí seo go mothaíonn ceathrú de na múinteoirí a thug freagraí nach raibh eolas maith acu faoi riachtanais agus cúlra oideachais scoláirí ar dhul isteach sa scoil dóibh. Ar an gcaoi chéanna, bhí beagnach cúig faoin gcéad de na daoine a thug freagraí nár aontaigh gur thug an measúnú tosaigh ar riachtanais scoláire bonn leis an gclár a cuireadh ar fáil dó/dí agus bhí ceithre faoin gcéad eile a roghnaigh ‘níl a fhios agam’ mar fhreagra ar an mír seo.

Thacaigh barúlacha na gcigirí le tuairimí na múinteoirí go raibh dúshlán ar leith ann mar thoradh ar dhroch-chumarsáid leis na scoileanna ina mbíodh foghlaimeoirí roimhe agus easpa aistrithe ar thaifid oideachais. I dtuairisc chigireachta amháin, mar bhealach chun déileáil leis an gceist seo, moladh don scoil teimpléad a chruthú chun tacú le hiarratais don eolas ar leith a bhíonn de dhíth ó shocrúcháin roimhe. Moladh freisin go lorgódh an scoil na torthaí ó thrialacha caighdeánaithe agus cártaí tuairisce na scoileanna roimhe chomh maith le pleananna aonair oideachais agus iompraíochta roimhe.

2.5 Pleanáil aonair agus socrú spriocanna

Is éard is pleanáil aonair ann pleanáil lena chinntiú go gcuirtear an curaclam agus na modhanna teagaisc in oiriúint chun freastal ar riachtanais foghlaimeora aonair sa chaoi is gur féidir leis/léi páirt a ghlacadh go fónta sna gníomhaíochtaí foghlama, dul chun cinn a dhéanamh mar fhoghlaimeoirí agus torthaí ardcháilíochta a bhaint amach. Tá socrú spriocanna ina chuid chriticiúil de phleanáil éifeachtach aonair agus is éard atá i gceist leis spriocanna foghlama a bhunú d’foghlaimeoirí atá soiléir, réalaíoch agus intomhaiste agus nach bhfuil fócas ró-chúng leo. (CNOS, 2014⁵)

Tugann na sonraí cáilíochta a thaifead cigirí, atá i dTábla 1.4, go raibh an phleanáil do scoláirí aonair níos lú ná sásúil i naoi gcinn de na sé mheastóireacht is fiche a rinneadh.

Réimse	Sásúil	Níos lú ná sásúil
Pleanáil ranga do scoláirí aonair	17	9

Tábla 1.4 Breitheanna cáilíochta maidir le pleanáil ranga do scoláirí aonair.

Ag léiriú na buartha seo, aibhsíodh pleanáil aonair agus socrú spriocanna don fhoghlaim mar phríomh-mholadh sna scoileanna uile in dhá ceann ar a laghad as na trí thuairisc chigireachta a fuair siad thar na tréimhse 2013-15.

⁵ Delivery for Students with Special Educational Needs: A Better and More Equitable Way: CNOS 2014

Dhírigh na moltaí maidir le pleanáil aonair ar an ngá go mbeadh spriocanna sonracha, réalaíoch, inrochtana agus intomhaiste. Sa chás inar rinneadh na moltaí seo, go minic rinneadh pleananna a bhí ann cheana a cháineadh as ‘straitéisí agus ábhar ginearálta’ a bheith iontu, seachas spriocanna foghlama sainiúla. Mar shampla, rinneadh tuairisc amháin moladh mar seo a leanas.

Tá scóip ann chun feabhas a chur ar shoiléire agus cuspóir roinnt de na spriocanna sna Pleananna Oideachais Aonair (POAnna) do scoláirí trí úsáid a bhaint as teanga níos sonraí agus níos intomhaiste chun cur síos a dhéanamh ar na torthaí foghlama atá beartaithe do na scoláirí agus chun cur i bhfeidhm a threorú ag leibhéal an ranga.

Leag moltaí maidir le pleanáil aonair béim freisin ar an ngá go nglacfaidh riachtanais foghlama tosaíochta radharc iomlánaíoch ar an bhfoghlaim agus ar an bhfoghlaim agus lena chinntiú gur forbraíodh scileanna sóisialta agus pearsanta na scoláirí taobh lena bhfoghlaim oideachais agus feidhmíochta. Rinneadh tuairisc eile an moladh seo a leanas.

Chomh maith le spriocanna acadúla, ba chóir do Pleananna Oideachais Aonair na scoláirí aghaidh a thabhairt freisin ar réimsí tosaíochta i dtaca le saincheisteanna forbartha sóisialta. móthúchána agus iompraíochta.

Má tá soláthar éifeachtach le déanamh sna scoileanna seo, tá sé riachtanach dearcadh iomlánaíoch a ghlacadh i dtaca le riachtanais tosaíochta foghlaim. Rinne neart tuairiscí tagairt don riachtanas go n-áireodh cáipéisí pleanála aonair spriocanna a bhaineann le féinbhainistíocht, scileanna sóisialta agus saincheisteanna iompraíochta agus mothúchána. Go minic, rinne tuairiscí tagairt don ábharthacht ar leith a bhí ag an gcuraclam um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) mar bhonn le spriocanna foghlama cuí d’fhoghlaimoirí sna scoileanna seo.

Rinneadh moltaí maidir le pleanáil aonair ar dhá phríomhchúis. Breathnaíonn neart tuairiscí ar na cáipéisí pleanála aonair mar threoir phraiticiúil don teagasc agus foghlaim sna seomraí ranga. I scoil amháin, ina raibh an cleachtadh sa réimse seo an-éifeachtach, chonaic cigirí nasc soiléir idir na cáipéisí pleanála aonair agus pleanáil ghearrthearma na múinteoirí, rud a bhí mar bhonn ansin leis an gcleachtadh sa seomra ranga. I scoileanna eile, áfach, moladh do mhúinteoirí pleananna oideachais aonair a úsáid ‘go laethúil laistigh de na seomraí ranga mar chreata phraiticiúla d’fhorbairt scileanna oideachais agus sóisialta’ agus moladh dóibh cáipéisí pleanála aonair a úsáid mar bhonn chun ‘cur síos a dhéanamh go soiléir ar chuspóirí foghlama agus na gníomhaíochtaí a nglacfaidh foghlaimoirí páirt iontu’ le linn ceachtanna. I bhfianaise a dtábhachta mar threoir don teagasc agus foghlaim, luaigh roinnt cigirí imní nár ullmháidh cáipéisí pleanála aonair do scoláirí ag am na meastóireachta. Sna cásanna seo mhol na cigirí go bhforbrófaí córas a éascódh an soláthar pras de pleanáil aonair do scoláirí.

Rinne tuairiscí tagairt freisin do pleanáil aonair mar bhealach chun cuidiú leis an ‘rianú ar dhul chun cinn na scoláirí i réimsí forbartha sainaitheanta.’ Rinne roinnt tuairiscí tagairtí don ghá leis na scoileanna sin ‘dul chun cinn na scoláirí a rianú níos leithne’, agus a chinntiú go raibh monatóireacht á déanamh acu ar ‘ghéithe uile d’fhorbairt scoláirí’.

I bhfianaise na tábhachta a thugtar don pleanáil aonair do scoláirí i scoileanna do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram, thug cigirí moladh go minic do scoileanna a raibh cur chuige comhsheasmhach glactha acu i dtaca le pleanáil aonair. Ar an dóigh chéanna, maidir le scoileanna ina raibh cuir chuige i leith na pleanála aonair neamhchomhsheasmhach, moladh dóibh cur chuige scoile uile a ghlacadh a thabharfadh ‘comhsheasmhacht ag leibhéal na scoile uile, leibhéal an ranga agus leibhéal an scoláire aonair.’ Thug cigirí moladh freisin don chleachtas lena n-éascaítear rannpháirtíocht na scoláirí i gcumadh a bplean foghlama féin

agus dlúthailíniú idir cáipéisí pleanála pearsanta na scoile agus an plean bainistíochta iompraíochta a cheapar agus a chuirtear i bhfeidhm san aonad cúraim atá gaolta.

2.6 Measúnú leanúnach ar riachtanais na bhfoghlaimoirí

Ar an iomlán, léiríonn na sonraí i dTábla 1.5 thíos, a tharraingítear ó na freagraí i gceistneoirí na múinteoirí a cuireadh le linn na meastóireachtaí seo, maidir le formhór na múinteoirí, go n-aontaíonn siad nó go n-aontaíonn siad go láidir go ndéantar measúnú rialta ar thorthaí foghlama.

Líon na bhfreagraí = 206	Aontaím go láidir	Aontaím	Níl a fhios agam	Easaontaím	Easaontaím go láidir
Déantar measúnú rialta ar thorthaí foghlama na scoláirí	47.8%	48.4%	2.9%	0.9%	0.0%

Tábla 1.5 Freagraí céatadán ar ráiteas amháin ar cheistneoir na múinteoirí a bhaineann le measúnú leanúnach ar riachtanais scoláirí

Mar sin féin, bhí úsáid leanúnach an mheasúnaithe mar phríomh-mholadh i gceithre cinn de na hocht scoil ar tugadh cuairt orthu agus rinneadh trácht ar chleachtais mheasúnaithe sna tuairiscí uile. Dar leis na cigirí bhí luach ar leith ag baint leis an measúnú toisc go gcuideann sé le ‘próifill chruinn agus iomlánaíoch’ a chruthú de gach foghlaimoir agus go gcuireann sé ar chumas na múinteoirí a ndul chun cinn agus a bhfoghlaím a rianú. Mar sin féin, mhol na cigirí go minic go mbainfí úsáid as raon níos leithne d’uirlisí measúnaithe sna scoileanna seo.

Agus iad ag cur síos ar chleachtais mheasúnaithe reatha, thug na cigirí cur síos fabhrach i gcoitinne ar an measúnú suimitheach nó measúnú ar straitéisí foghlama a bhí ar bun. I neart cásanna, áfach, mheas siad go raibh gá do mhúinteoirí cothromaíocht a fháil idir an cineál seo measúnaithe agus measúnú foirmitheach, nó measúnú chun foghlama. Moladh soiléir a bhí ag eascairt ó neart tuairiscí ab ea an gá le ‘cleachtais mheasúnaithe foirmitheacha a leabú sa phleanáil agus cleachtas laethúil ranga.’ Mar shampla, i scoil amháin, thug na cigirí faoi deara go raibh

spás d’fheabhsúchán i neart ceachtanna. Go minic níor roinn na múinteoirí na cuspóirí foghlama leis na scoláirí ach luaigh siad na gníomhaíochtaí ceachta a bhí beartaithe agus sin amháin. Is beag múinteoir a rinne achoimre éifeachtach ar an bhfoghlaím ag deireadh an cheachta nó a chuir ar na scoláirí athmhachnamh a dhéanamh ar a raibh foghlama acu.

Agus a moltaí á ndéanamh acu maidir le measúnú chun foghlama, dhearbhaigh na cigirí go dtabharfadh béim níos mó ar an gcineál seo de mheasúnú spreagadh do na scoláirí smaoineamh níos mó faoina bhfoghlaím féin agus go spreagfadh sé mothúchán níos láidre de fhreagracht phearsanta sna scoláirí. Tá tábhacht ar leith leis seo do leanaí i suíomhanna faoi choinneáil agus faoi chúram.

Is í an dara saincheist a bhaineann le measúnú leanúnach ná an gá le cur cuige comhsheasmhach, scoile uile i leith an mheasúnaithe. I gcoitinne, cé go bhfaca cigirí samplaí den dea-chleachtas sa mheasúnú ar scoláirí, bhí éagsúlacht sa chleachtas laistigh de scoileanna. Nuair a bhí an éagsúlacht seo ann, mhol na cigirí go mbeadh ‘comhsheasmhacht níos mó ann i dtaca leis an measúnú ar dhul chun cinn agus folláine na scoláirí’. Ar an gcúis seo moladh do roinnt scoileanna polasaí comhaontaithe scoile uile a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, a áireodh idir mheasúnú ar an bhfoghlaím agus mheasúnú chun foghlama. I

gcásanna ina raibh athbhreithniú scoile uile déanta ar pholasaí agus nósanna imeachta measúnaithe, nótaíl na cigirí gur ‘chuidigh sé le próiseas pleanála aonair na scoile agus leis an monatóireacht ar dhul chun cinn na scoláirí.’

2.7 Litearthacht agus uimhearthacht

Léiríonn na sonraí cáilíochta a thaifead na cigirí, atá i dTábla 1.6, gur measadh go raibh cleachtais litearthachta agus uimhearthachta sásúil nó níos fearr ná sin in dhá cheann is fiche de na 26 meastóireacht.

Réimse	Sásúil	Níos lú ná sásúil
Litearthacht	22	4
Uimhearthacht	22	4

Tábla 1.6 Breitheanna cáilíochta maidir le cleachtais litearthachta agus uimhearthachta

Mar sin féin, tugadh príomh-mholadh amháin ar a laghad i dtaca le litearthacht agus uimhearthacht chuig breis agus leath de na hocht scoil sa tréimhse trí bliana agus bhí comhairle maidir le feabhas a chur ar chleachtais litearthachta agus uimhearthachta le feiceáil freisin i neart tuairiscí.

Thug na cigirí moladh do chuir chuige i dtaca leis an litearthacht agus an uimhearthacht sa chás inar tugadh dea-chleachtas faoi deara. Tugadh moladh do neart scoileanna nuair a bhí cuir chuige chomhaontaithe scoile uile i leith na litearthachta, amhail ‘*Caith síos gach rud agus léigh*’ nó i leith na huimhearthachta, amhail béim shoiléir ar mhatamaitic fheidhmeach, le feiceáil sna ranganna.

I bhfianaise an scéil gur léirigh neart de na foghlaimeoirí sna scoileanna seo deacrachtaí suntasacha litearthachta agus uimhearthachta, ba mhinic a mhol na cigirí go mbainfí úsáid as cuir chuige chomhaontaithe scoile uile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais foghlama ar leith na scoláirí.

Luann cigirí freisin go mbaineann an ghné is tábhachtaí de chuir chuige scoile uile leis an gcaoi ina gcuirtear i bhfeidhm iad i suíomhanna foghlama. Mar shampla, in dhá scoil nótaíl an cigire é seo.

Ní mór aird níos dírithe a bheith ann laistigh de cheachtanna agus thar ceachtanna má tá an plean litearthachta le cur i bhfeidhm go héifeachtach.

I dtríú scoil mhol an cigire é seo a leanas.

Ba chóir na cleachtais éifeachtacha litearthachta agus uimhearthachta a bhfuil cur síos orthu sa phlean scoile uile a chur i bhfeidhm.

I roinnt tuairiscí moladh go ndéanfadh múinteoirí plé ar a gcleachtas lena gcomhghleacaithe mar bhealach chun cuir chuige scoile uile a fhorbairt agus mar bhealach chun comhsheasmhacht sa chleachtas a chur chun cinn. In dhá scoil, mar shampla, moladh do na múinteoirí gabháil do ‘phlé gairmiúil maidir le cleachtais teagaisc chomhaontaithe’ mar bhealach chun an polasaí scoile uile maidir le litearthacht agus uimhearthacht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Fuair na cigirí amach go raibh úsáid á bhaint as an bhféinmheastóireacht i bhformhór na scoileanna agus go raibh tionchar dearfach aici ar fhoghlaim na scoláirí. Sna cásanna seo, dhírigh moltaí na gcigirí ar an gcaoi ina bhféadfaí a chleachtais féinmheastóireachta a leathnú nó a neartú. Mar shampla, i scoil amháin rinneadh moladh mar seo a leanas.

Mar chéad chéim eile i bhféinmheastóireacht scoile, ba chóir grúpaí fócais, agallaimh agus bileoga athmhachnaimh a úsáid le múinteoirí agus scoláirí chun téamaí atá ag teacht chun cinn a fhiosrú ar bhealach níos doimhne.

Moladh do scoil eile níos mó béime a chur ar ghuth na scoláirí i bpróiseas na féinmheastóireachta.

In dhá shuíomh ar a laghad de na hocht suíomh, áfach, bhí ar na cigirí moladh don scoil gabháil do phróiseas na féinmheastóireachta mar bhealach chun feabhas a chur ar thorthaí foghlama, go háirithe sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Agus meastóireacht á déanamh ar chleachtas seomra ranga sa litearthacht agus uimhearthacht, rinne neart tuairiscí tagairt do thréithe aonair den chleachtas maith. I neart de na scoileanna, chreid cigirí go raibh gá le béim ar leith a leagan ar fhorbairt scileanna feidhmiúla na bhfoghlaimoirí sa litearthacht agus san uimhearthacht, chun forbairt a dhéanamh ar a n-inniúlachtaí chun a gcuid eolais a úsáid agus a chur i bhfeidhm 'i gcomhthéacsanna fíorshaoil agus tras-churaclaim' agus ar theagasc scoileanna 'atá ábhartha le riachtanais na scoláirí amach anseo.'

Tuairiscíodh go raibh éagsúlacht sna cleachtais i dtaca le húsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus thug neart tuairiscí le tuiscint nár baineadh leas iomlán as an gcumas atá sa TFC forbairt a dhéanamh ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bhfoghlaimoirí. I scoil amháin rinneadh an moladh seo a leanas.

Ba chóir úsáid níos mó a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun feabhas a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí ar bhealach struchtúrtha, spreagúil.

Bhí an cineál seo de mholadh le sonrú i dtuairiscí eile. Mar shampla, moladh do scoil amháin machnamh a dhéanamh ar 'úsáid na teicneolaíochta digití chun an léitheoireacht a chur chun cinn sna seomraí ranga go léir' agus moladh do cheann eile úsáid níos mó a dhéanamh as TFC chun coincheapa agus scileanna san uimhearthacht a threisiú.

2.8 Tinreamh

Bhí príomh-mholtaí maidir le tinreamh na scoláirí a uasmhéadú in ocht gcinn de na sé thuairisc is fiche a foilsíodh, agus measadh go raibh tinreamh agus coinneáil⁶ níos lú ná sásúil i sé cinn de na sé mheastóireacht is fiche.

Réimse	Sásúil	Níos lú ná sásúil
Tinreamh agus coinneáil	20	6

Tábla 1.7 Breitheanna cáilíochta maidir le tinreamh agus coinneáil.

I roinnt scoileanna inar rinneadh príomh-mholadh maidir le tinreamh scoláirí, fuair na cigirí amach go raibh 'éagsúlacht sa tinreamh' i measc na scoláirí. I scoileanna eile, áfach, bhí an ceist níos tromchúisí, agus cigirí ag rá go raibh 'droch-thinreamh ina ábhar suntasach imní.' Sna scoileanna seo bhí ceist iompraíocht dhúshlánach na scoláirí nasctha le tinreamh, uaireanta. Nuair a tharla sé seo, bhí roinnt scoláirí ag caitheamh cuid den ghnáthlá scoile faoi mhaoirseacht na foirne cúraim mar thoradh ar shrianta a cuireadh orthu ag éirí as a n-iompraíocht dhúshlánach sa scoil. I gcásanna eile, bhí tionchar diúltach ag deacrachtaí maidir

⁶ Cé go dtaifeadtar na breitheanna cáilíochta do thinreamh agus coinneáil, i gcoitinne díríonn na tuairiscí ar an tinreamh agus ní dhéanann siad tagairt mhífhabhrach don choinneáil

le nósanna imeachta aistrithe idir tithe cónaithe/áiseanna cúraim agus an scoil ar thinreamh agus poncúlacht na scoláirí.

Sna cásanna go léir ina raibh tinreamh scoláirí ina ábhar imní, moladh don scoil athmhachnamh a dhéanamh ar straitéisí reatha chun tinreamh scoláirí a chur chun cinn agus cur chuige comhaontaithe scoile uile i dtaca le tinreamh na scoláirí a cheapadh nó a nuashonrú. Nótáladh an tionchar a bhí ag polasaí comhaontaithe den chineál sin i scoil amháin, áit a rinneadh moladh maidir le tinreamh i gcigireacht. Sa tuairisc a foilsíodh an bhliain dár gcionn, dúirt na cigirí

‘Tá straitéis tinrimh nua-fhorbartha agus fíor-chomhoibríoch á cur i bhfeidhm faoi láthair, agus torthaí an-dearfacha uirthi. ‘

Tugann na tuairiscí ar scoileanna ina raibh leibhéal tinrimh go maith nó go han-mhaith léargais an-úsáideacha ar chuir chuige scoile uile rathúla. I neart de na cásanna seo nótáil na cigirí gur chaith na múinteoirí roinnt mhaith ama ar a chinntiú gur eispéireas dearfach a bhí sa scoil sa chaoi is gur spreagadh iad chun a bheith i láthair. Mar shampla, i scoil amháin nótáil na cigirí:

‘Is léir go dteastaíonn ó na scoláirí teacht ar scoil agus go bhfuil meas acu ar na nósanna imeachta scoile.’

Tréith den chleachtas maith i neart scoileanna ab eas úsáid duaiseanna chun tinreamh a chur chun cinn. I scoil amháin, príomhghné den chur chuige i leith tinrimh ab ea “córas pointí, ina dtuilleann scoláire pointí as tinreamh, dea-iompraíocht agus obair a chríochnú.’ I scoil eile, bhí bunús foirmiúil le cleachtas na nduaiseanna i scéim struchtúrtha ina raibh ‘meastóireacht faoi thrí le duaiseanna incriminteacha ar obair, iompraíocht agus meoin’. Tugadh moladh don scoil ar leith seo as a roghnú duaiseanna - ‘mheas cách a bhí páirteach go raibh siad iomchuí, fiúntach, cothrom agus comhsheasmhach.’

Chuidigh dlúthchomhar le comhpháirtithe ábhartha éagsúla leis an tinreamh a uasmhéadú freisin. Sa chás ina raibh a leithéid indéanta, bhí tábhacht leis na naisc le tuismitheoirí. Moladh scoil amháin go háirithe as a cleachtais sa réimse seo, ina ‘dtugtar cuireadh go rialta do na tuismitheoirí freastal ar cheachtanna agus cuidíonn sé seo go dearfach le rannpháirtíocht mhéadaithe na scoláirí.’ Ar ndóigh, ní bhaineann an rogha seo leis na scoileanna go léir do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram.

Ar chomhthábhacht, áfach, is ea an comhoibriú leis an bhfoireann in ionaid chúraim, agus bhí polasaithe ag formhór na scoileanna le cleachtais éifeachtacha a ‘forbraíodh go coimhoibríoch le foireann chúraim agus a cuireadh i bhfeidhm go rathúil sa dá shuíomh.’ Rinne tuairiscí tagairt freisin do scoileanna ag obair go rathúil le TUSLA agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun feabhas a chur ar thinreamh roinnt daltaí a bhí ar lá scoile laghdaithe.

Tugadh moladh do roinnt scoileanna as spriocanna a bhain le tinreamh a áireamh ina gcáipéisí pleanála aonair do scoláirí agus as monatóireacht a dhéanamh go cúramach ar dhul chun cinn na scoláirí chun iad a bhaint amach. Mar chríoch, i scoil amháin, tugadh moladh do pholasaí ‘gan fionraí, gan eisiámh’ as a thionchar dearfach ar thinreamh.

2.9 Pleanáil scoile uile

Mheas na cigirí go raibh cáilíocht na pleanála scoile uile sásúil nó níos fearr ná sin i bhfiche cinn de na sé thuairisc meastóireachta is fiche:

Réimse	Sásúil	Níos lú ná sásúil
Pleanáil scoile uile do scoláirí aonair	20	6

Tábla 1.8 Breitheanna cáilíochta maidir le pleanáil scoile uile.

Déanann cigirí pleanáil scoile uile a mheas i gcomhthéacs rannpháirtíocht na scoile sa phróiseas féinmheastóireachta. Sna scoileanna go léir, beagnach, fuair na cigirí gur ‘ghabh siad go fónta leis an bpróiseas féinmheastóireachta.’ I roinnt cásanna, tugadh ‘ard-mholadh’ don phróiseas. Agus scrúdú á dhéanamh acu ar ghnéithe den phleanáil scoile uile, rinne na cigirí idirdhealú idir pleanáil riaracháin agus pleanáil churaclaim. Baineann pleanáil riaracháin le pleanáil do ghnáth-thascanna riaracháin agus bainistíochta ach baineann pleanáil churaclaim le pleanáil do sheachadadh an churaclaim.

I gcoitinne, mheas na cigirí go raibh cáilíocht na pleanála riaracháin go maith. Sna cásanna inar rinneadh moltaí bhain siad le forbairt nó athbhreithniú ar pholasaithe i réimsí a raibh tábhacht ar leith ag baint leo do na scoileanna seo. D’áirigh na réimsí seo tinreamh mí-úsáid drugaí agus substaintí, próisis aistrithe, bainistíocht iompraíochtaí agus forbairt ghairmiúil leanúnach do bhaill foirne.

I líon beag tuairiscí freisin, bhí moladh ann go bhforbródh scoileanna polasaí láidir frithbhulaíochta. Treisíodh é seo le sonraí ó cheistneoirí na múinteoirí a thug le fios go raibh breis agus deich faoin gcéad de na daoine a d’fhreagair nach raibh a fhios acu faoi pholasaí agus nósanna imeachta do ghníomhú sa scoil i dtaca le frithbhulaíocht, nó a d’easaontaigh go raibh a leithéid ann sa scoil.

Líon na bhfreagraí = 206	Aontaím go láidir	Aontaím	Níl a fhios agam	Easaontaím	Easaontaím go láidir
Tá polasaí agus nósanna imeachta do ghníomhú sa scoil seo i dtaca le frithbhulaíocht scoil	53.1%	35.1%	8.8%	2.6%	0.5%
Déileáiltear go maith le heactraí bulaíochta sa scoil seo	56.4%	34.9%	7.2%	1.5%	0.0%
Tá iompraíocht na scoláirí go maith i gcoitinne sa scoil seo	12.8%	45.1%	11.8%	21.5%	8.7%

Tábla 1.9 Freagraí céatadáin ar dhá mhír ar cheistneoir na múinteoirí maidir le polasaí frithbhulaíochta na scoile.

Bhí cigirí ábhairín níos criticiúla faoin bpleanáil churaclaim scoile uile, áfach. Rinneadh príomh-mholadh maidir le pleanáil churaclaim ag leibhéal na scoile uile i dtrí cinn de na scoileanna a rinneadh meastóireacht orthu, agus fuair formhór na scoileanna moladh amháin ar a laghad ag baint le pleanáil churaclaim i bpríomhroinn na dtuairiscí.

Leagadh amach an bunús agus an cuspóir atá le pleanáil churaclaim scoile uile i scoileanna do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram go follasach i dtuairisc amháin mar seo a leanas.

‘Ach léiríonn na foghlaimeoirí go léir sa scoil seo riachtanais oideachais speisialta a d’fhéadfadh a bheith ag baint le scoileanna cumarsáide, litearthachta, agus sóisialta,

agus le deiseanna teoranta oideachais roimhe seo. Dá bhrí sin, ba chóir do phleanáil chláir ag leibhéal na scoile uile díriú anois ar an bpleanáil do na hábhair éagsúla’

Léiriú ar an bpointe seo, agus intuigthe i neart tuairiscí, ab ea an gá le pleanáil churaclaim scoile uile sna scoileanna seo chun freastal ar riachtanais uathúla na bhfoghlaimoirí, lena n-áirítear aon riachtanais speisialta oideachais a d’fhéadfadh a bheith acu. I líon beag cásanna, luaigh na cigirí freisin an gá go ndéanfadh pleanáil scoile uile dea-chleachtas atá ann cheana i suíomhanna foghlama aonair a ghabháil agus a chlárú. Moladh é seo d’fhonn a chinntiú go dtagann cleachtas maith mar thoradh ar nósanna imeachta agus cleachtais chomhaontaithe agus ní mar thoradh ar stíleanna aonair teagaisc. I scoil amháin, mar shampla, nótáil na cigirí ‘faoi láthair, tá an cleachtas maith ag múinteoirí aonair ag rith chun tosaigh ar chuir chuige scoile uile’ agus moladh do scoil eile ‘athbhreithniú a dhéanamh ar a bpróisis phleanála lena chinntiú go n-aithnítear an cleachtas reatha.’

Mhol cigirí do scoileanna machnamh a dhéanamh ar roinnt gnéithe a bhaineann le pleanáil churaclaim scoile uile. An chéad cheann ná an gá go gcuideodh pleananna le rochtain na bhfoghlaimoirí ar ‘raon leathan d’eispéiris sna gnéithe acadúla, aeistéitiúla, sóisialta agus fisiciúla den churaclam.’ Mar a léiríodh roimhe, mhol na cigirí freisin go dtabharfaí aird ar leith ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt. Mar shampla, moladh do scoil amháin:

‘Teanga atá sainiúil don ábhar a thaifeadadh go follasach, agus na réimsí laistigh dá n-ábhair inar féidir scileanna litearthachta agus uimhearthachta a ionchorprú a shainaitheint go soiléir agus a thaifeadadh.’

Mar chríoch, moladh do roinnt scoileanna próiseas na féinmheastóireachta a úsáid chun cuir chuige comhaontaithe scoile uile a chur i bhfeidhm i dtaca le teagasc agus foghlaim. Mhol na tuairiscí sin go dtacódh scoileanna le ‘fócas comhchoiteanna ar chleachtas teagaisc tríd an bpróiseas féinmheastóireachta.’

2.10 Achoimre

I bhfianaise phróifíl agus riachtanais na scoláirí a fhreastalaíonn ar na scoileanna seo, is dócha go mbeidh gá leanúnach le soláthar speisialta do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram.

Fuair na meastóireachtaí a rinne an Chigireacht amach, cé go bhfuil neart láidreachtaí ag an soláthar atá ann, go bhfuil laigí dúchasacha ann a bhaineann le struchtúir bhainistíochta éagsúla na scoileanna agus a ngaol le gníomhaireachtaí agus seirbhísí tacaíochta ábhartha. Go háirithe, ábhar imní é nach bhfuil aon fhoras pátrúnachta amháin ann do na scoileanna seo agus nach bhfuil bealach ann chun rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí de réir mar a ghluaiseann siad idir na scoileanna seo nó ó scoil phríomhshrutha chuig ceann de na scoileanna seo.

Maidir leis na láidreachtaí sa soláthar atá ann, rinne na cigirí cinntí dearfacha faoi cháilíocht an teagaisc i bhformhór mór na gceachtanna a breathnaíodh: cáilíocht na timpeallachtaí sna seomraí ranga; ionchais na múinteoirí i leith na bhfoghlaimoirí; agus caidrimh ómósacha a chothú idir na múinteoirí agus na scoláirí. Rinneadh tagairtí dearfacha freisin sna tuairiscí don soláthar de raon leathan de roghanna ábhair; na deiseanna do scoláirí creidiúnú a lorg; rannpháirtíocht scoláirí ina bhfoghlaim; agus na deiseanna a fhaigheann siad d’fhoghlaim ghníomhach.

D'aibhsigh na meastóireachtaí roinnt réimsí feabhsúcháin freisin. Cuireadh ceisteanna i roinnt mhaith de na tuairiscí seo maidir le héifeachtacht chleachtais mheasúnaithe na scoileanna chun pictiúr soiléir a sholáthar de riachtanais oideachais na bhfoghlaimeoirí ar rollú dóibh agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar ghnóthachtálacha in imeacht ama. Sa chomhthéacs seo, tá ábharthacht leis an scéal cé go bhfuil rochtain ag roinnt de na scoileanna ar shíceolaithe trí na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna), TUSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), faoi láthair níl rochtain ag tromlach mór na scoileanna seo ar sheirbhísí na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO⁷) agus níl rochtain ag ceann ar bith acu ar sheirbhísí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).

Rud atá nasctha go dlúth leis an bhforbairt ar chleachtais mheasúnaithe láidre is ea an gá le planáil aonair agus socrú soiléir spriocanna. Léirigh na tuairiscí an gá le feabhsúchán i bpróiseas na planála aonair do riachtanais an fhoghlaimeora agus freisin i socrú na spriocanna d'fhoghlaimeoirí atá soiléir, intomhaiste, réalaióch agus iomlánaíoch.

I bhfianaise phróifíl uathúil na bhfoghlaimeoirí sna scoileanna seo, leag na tuairiscí béim ar an tábhacht atá le scoileanna riachtanacha litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt agus cheistigh siad an méid a bhíonn cuir chuige scoile uile ag na scoileanna seo a chinntíonn comhsheasmhacht agus comhleanúnachas in eispéiris na bhfoghlaimeoirí. Réimsí eile inar moladh cur chuige scoile uile ab ea an tinreamh. Cé gur tugadh tuairisc faoi shamplaí de chuir chuige rathúla scoile uile i réimse an tinrimh, moladh do na scoileanna go léir cuir chuige dá leithéid a fhorbairt.

Ardaíodh tionchar na planála scoile uile don teagasc agus don fhoghlaim i roinnt tuairiscí freisin. Bhí sé seo suite i gcomhthéacs na feinmheastóireachta éifeachtaí agus na planála curaclaim scoile uile. Tá tábhacht leis an dá phróiseas seo chun teagasc agus foghlaim a threorú, chun comhsheasmhacht a chinntiú sna cuir chuige, agus chun cuidiú le rochtain na bhfoghlaimeoirí ar raon leathan d'eispéiris foghlama.

⁷ Tá síceolaí SNSO sannta ag scoil amháin, Naomh Cainneach.

3.1 Forbairt a dhéanamh ar struchtúir bhainistíochta scoileanna do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram

I bhfianaise an scéil go bhfuil bunfheidhm choiteann ag na scoileanna ag AATanna, ICLanna agus ASCanna – freastal ar na riachtanais oideachais agus cúraim atá ag roinnt d’ár leanaí is leochailí, ba chóir cuíchóiriú a dhéanamh ar struchtúir na scoileanna seo agus ar a ngaol leis na ranna rialtais agus gníomhaireacht stáit ábhartha, go príomha an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Ba chóir dianmhachnamh a dhéanamh ar na scoileanna seo go léir a chur faoi aon fhoras pátrúnachta amháin. Dá ndéanfaí sin gheofaí an tsoiléire atá de dhíth maidir le struchtúr agus ról na scoileanna agus a rialachas agus a ngaol le gníomhaireachtaí agus seirbhísí tacaíochta ábhartha.

I bhfianaise na gcosúlachtaí idir na cohoirt scoláirí ar fud na scoileanna ag AATanna, ionaid YR agus scoileanna YEP is iomaí tairbhí a d’fhéadfadh a bheith ann trí fheabhas a chur ar chomhoibriú agus comhar idir múinteoirí, daoine acmhainne, comhordaitheoirí agus ceannairí sna trí hearnáil seo. Tá sé seo ag teacht le moladh in athbhreithniú de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna ar na scoileanna YEP, agus mar fhorbairt air. Mhol an t-athbhreithniú seo go ndéanfaí scoileanna YEP a athainmniú mar ‘Scoileanna Ardtacaíochta Pobalbhunaithe’ agus go ndéanfaí ‘bealaí cumarsáide foirmeálta idir scoileanna YEP chun an dea-chleachtas a shainaithint agus a scaipeadh’ (Roinn Oideachais 2006 lgh. 17, 18)⁸

Mar sin, ba chóir aon chuíchóiriú sa todhchaí ar struchtúir bhainistíochta na scoileanna ag ICLanna, AATanna agus ASCanna na scoileanna YEP a áireamh agus machnamh a dhéanamh ar na hionaid YR a áireamh. Ba chóir áis a chur san áireamh sa chlár cuíchóirithe do na scoileanna seo go léir chun caidrimh fhónta lena chéile a fhorbairt agus a chothabháil agus chun an dea-chleachtas sa teagasc agus san fhoghlaim do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram a chomhroinnt.

Sa réimse a bhaineann le cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 - Creat Cáilíochta d’Iar-Bhunscoileanna* (Roinn Oideachais agus Scileanna 2016) aibhsítear tuilleadh áiteanna do chomhroinnt an tsaineolais idir na trí hearnáil:

- Páirt a ghlacadh san fhorbairt ghairmiúil agus sa chomhoibriú gairmiúil
- Deiseanna foghlama a cheapadh d’fhoghlaimoirí ar fud an churaclaim agus taobh amuigh de
- Cleachtais mheasúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa a cheapadh
- Cuidiú le hacmhainn a thógáil trí shaineolas a roinnt

Aibhsíonn príomh-mholtaí na tuairisce ilchodaí seo roinnt de na limistéir ina bhféadfadh múinteoirí, daoine acmhainne, comhordaitheoirí agus ceannairí sna trí hearnáil seo comhoibriú a dhéanamh:

- Measúnú tosaigh ar riachtanais na bhfoghlaimoirí
- Pleanáil aonair agus socrú spriocanna
- Measúnú leanúnach ar riachtanais na bhfoghlaimoirí

⁸ Youth Encounter Project (YEP) Schools Value For Money Review

- Litearthacht agus uimhearthacht
- Tinreamh
- Pleanáil scoile uile

Tosaíocht d'údaráis bhainistíochta na scoileanna seo is ea córas láidir a bhunú a chinnteoidh leanúnachas na foghlama do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram. Éilíonn sé seo córas lárnach rianaithe do gach scoláire agus bealach éifeachtach chun sonraí ábhartha a aistriú idir scoileanna príomhshrutha agus scoileanna do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram.

Ba chóir tosaíocht a thabhairt freisin do chinntiú go mbíonn rochtain ag na scoileanna go léir do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram ar SNSO agus CNOS.

Faoi láthair tá rang speisialta amháin a fhreastalaíonn ar leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram atá ceangailte le scoil phríomhshrutha. Ba chóir don Roinn, i gcomhar leis an scoil agus a pátrún, machnamh a dhéanamh ar oiriúnacht an ranga speisialta mar mhúnla do sholáthar an oideachais do leanaí i gcúram cónaithe. Ba chóir na leanaí go léir atá rollaithe sa rang speisialta seo faoi láthair a chomhtháthú go hiomlán sa scoil phríomhshrutha.

3.2 Litearthacht agus uimhearthacht

Ba chóir go mbeadh an díriú ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt ina phríomhthosaíocht ag scoileanna do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram. Ba chóir do gach ceann de na scoileanna sin cur chuige comhtháite scoile uile a fhorbairt i dtaca leis an litearthacht agus an uimhearthacht a dhíríonn ar socrú spriocanna 'SMART', measúnú iontaofa agus próisis láidre féinmheastóireachta. Tá sé riachtanach freisin go gcuidíonn polasaí uimhearthachta agus litearthachta na scoile le cur chuige traschuraclaim atá ábhartha, dúshlánach agus samhlaíoch. Ba chóir don teagasc scileanna agus coincheapa na litearthachta agus na huimhearthachta a shuíomh i gcomhthéacs eispéireas saoil agus spéiseanna pearsanta an fhoghlaimeora, agus ar an gcaoi sin cur ar a c(h)umas ábharthacht na scileanna litearthachta agus uimhearthachta leis an ngnáthshaol a fheiceáil. Tá na moltaí seo ar fad ag teacht le straitéis an Rialtais: *Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i Measc Leanaí agus Dhaoine Óga 2011-2020*.

3.3 Pleanáil aonair agus socrú spriocanna

I bhfianaise phróifíl ar leith na bhfoghlaimeoirí atá ag freastal ar na scoileanna seo, tá gá le córas éifeachtach chun foghlaim leanaí a rianú, chun aistriú réidh a chur i bhfeidhm i dtaca le heolas riachtanach maidir leis an bhfoghlaimeoir agus chun aistrithe a bhainistiú idir scoileanna agus chuig suíomhanna eile. Tá sé riachtanach freisin go mbeadh aitheantas ann nach bhfuil san oideachas ach ceann amháin de réimse tacaí atá de dhíth ar leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram agus cur chuige comhordaithe idirghníomhaireachtaí ina n-oibríonn na comhpháirtithe ábhartha go léir le chéile chun tacaíocht chomhtháite mharthanach a sholáthar do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram.

Mar sin, tá plean cuimsitheach aonair oideachais agus cúraim a chloíonn leis an bprionsabal de 'leanbh amháin, plean ámhain' riachtanach chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí seo agus chun feabhas a chur ar a dtorthaí foghlama. Dá bhrí sin, ba chóir tús áite a thabhairt don fhorbairt ar phlean aonair iomlán comhtháite a chuidíonn le cur chuige aontaithe i dtaca le riachtanais aonair foghlama agus cúraim an scoláire. Is fearr a chuidíonn pátrún amháin ar na scoileanna seo leis an bplean iomlán comhtháite seo a fhorbairt.

Ba chóir gurb é an plean oideachais agus cúraim an fheithicil trína shásaítear riachtanais an linbh, ba chóir go mbeadh spriocanna soiléire ann atá bunaithe ar mheasúnú comhsheasmhach agus iontaofa agus ba chóir go ndéanadh sé taifeadadh ar a bhfoghlaim, rianú ar a ndul chun cinn agus a bheith in úsáid chun spriocanna a leasú go rialta. Ba chóir go mbeadh an áis aige chun foghlaim roimhe a thaifeadadh, lena n-áirítear cáilíochtaí a rinneadh roimhe, eispéiris oibre agus eispéiris saoil. Ba chóir go mbeadh sé inaistrithe thar na suíomhanna go léir agus tábhacht a bheith leis do na páirtithe leasmhara go léir in oideachas agus cúram an linbh, lena n-áirítear tuismitheoirí agus, más ábhartha, an córas breithiúnach.

Agus iad ag gabháil do phróiseas na pleanála aonair laistigh de scoileanna, moltar do mhúinteoirí cáipéis phleanála aonair an scoláire a úsáid mar phríomhthreoir dá c(h)uid foghlama. Ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil spriocanna soiléire agus sonracha sna pleananna seo, a ghlacann dearcadh leathan agus iomlánaíoch d'fhoghlaim agus den bhfoghlaim. Ba chóir go mbeadh spriocanna bunaithe ar sonraí measúnaithe iontaofa agus a bheith nuashonraithe go rialta chun dul chun cinn an fhoghlaim a léiriú. Moltar do scoileanna cur chuige comhaontaithe scoile uile a bheith acu i dtaca le pleanáil aonair. Ba chóir don chur chuige seo a bheith ailínithe go dlúth le haon phlean bainistíochta iompraíochta a d'fhéadfadh a bheith ar bun ag an áis chónaithe nó chúraim ghaolmhar agus ba chóir go mbeadh an foghlaim páirteach i socrú agus monatóireacht ar spriocanna.

Agus an moladh seo á chur i bhfeidhm acu moltar do scoileanna machnamh a dhéanamh faoi úsáid a bhaint as an *gComhad Tacaíochta Scoláire*, atá forbartha ag SNSO, go háirithe i gcásanna inar bhain an scoil ina raibh an foghlaim roimhe sin úsáid as an *gComhad Tacaíochta Scoláire*. Cuireann an *Comhad Tacaíochta Scoláire* ar chumas na múinteoirí dul chun cinn agus riachtanais foghlaim a chlárú thar am agus cuidíonn sé leo leibhéal cuí tacaíochta a sholáthar d'fhoghlaim, i gcomhréir lena leibhéal riachtanais. I ndiaidh tréimhse idirghabhála agus athbhreithniú ar an dul chun cinn, déantar cinneadh maidir leis an leibhéal cuí tacaíochta atá de dhíth ar an dalta. B'fhéidir go mbeidh cinneadh ansin deireadh a chur leis an tacaíocht, leanúint den leibhéal céanna tacaíochta, nó gluaiseacht chuig leibhéal níos airde nó níos ísle de thacaíocht. Is féidir an *Comhad Tacaíochta Scoláire* a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

3.4 Measúnú

Moltar do na scoileanna go léir do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram nósanna imeachta láidre agus iontaofa a bheith acu chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaim ar rollú dóibh agus chun sonraí a bhailítear ón measúnú seo a úsáid mar bhonn le pleanáil sa todhchaí don teagasc agus foghlaim. D'fhonn é seo a chur i bhfeidhm, ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil rochtain acu ar shonraí measúnaithe agus oideachais ábhartha ó scoileanna roimhe, a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ón *gComhad Tacaíochta Scoláire*. Ar bhonn leanúnach, moltar do scoileanna a chinntiú go bhfuil cur chuige comhaontaithe scoile uile ar bun acu i dtaca le measúnú a chuireann próifíl iomlánaíoch ar fáil de gach foghlaim. Agus forbairt agus athbhreithniú á dhéanamh ar an gcur chuige scoile uile, ba chóir aird ar leith a dhíriú ar mheasúnú chun foghlama nó measúnú foirmitheach.

3.5 Tinreamh

Faoi théarmaí an Achta Oideachais (Leas)⁹ ní mór do gach bord bainistíochta scoile ráiteas a fhorbairt 'maidir leis na straitéisí agus leis na bearta a bheartaíonn sé a ghlacadh chun meas

⁹ Rialtas na hÉireann 2000, Alt 22 (1)

ar an bhfoghlaim a chothú i measc mac léinn atá ag freastal ar an scoil sin agus chun freastal rialta ar scoil ar thaobh na mac léinn sin a spreagadh'. I bhfianaise chomhthéacs uathúil na scoileanna seo, ba chóir go mbeadh sé seo ina phríomhthosaíocht d'údaráis bhainistíochta na scoileanna seo. Mar sin, moltar do na scoileanna go léir straitéis tinrimh éifeachtach a bheith acu, a fhorbraítear go comhoibríoch leis na comhpháirtithe ábhartha go léir agus a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach sa scoil agus sa suíomh cónaithe araon. Rud lárnach ba chóir a bheith sa pholasáí ná diongbháilteacht go mbeadh an scoil ina heispéireas dearfach, spreagúil agus fóntach do scoláirí agus mar sin go laghdófaí an dóchúlacht go gcaillfeadh scoláire ceachtanna mar thoradh ar iompraíocht dhúshlánach. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar dhuaiséanna atá roghnaithe go cúramach agus atá oiriúnach a úsáid do thinreamh. Molann cigirí do scoileanna freisin spriocanna a bhaineann le tinreamh a áireamh i gcáipéisí pleanála aonair scoláirí, más cuí, agus monatóireacht a dhéanamh go cúramach ar na spriocanna seo.

3.6 Pleanáil scoile uile

Molann cigirí do scoileanna do leanaí faoi choinneáil agus faoi chúram a chinntiú go sásaíonn na pleananna curaclaim riachtanais uathúla a scoláirí agus an cleachtas maith atá ann cheana i suíomhanna foghlama a aithint. Molann siad go gcuideodh pleananna curaclaim le rochtain ar raon leathan d'ábhair agus go dtabharfaidís tábhacht ar leith do scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt. I bhfianaise phróifíl na bhfoghlaimoirí atá ag freastal ar na scoileanna seo, ba chóir go mbeadh folláine i gcroílár an churaclaim a sholáthraíonn siad. B'fhéidir go mbeidh na *Treoirínte Folláine d'Iar-Bhunscoileanna* (Roinn Oideachais agus Scileanna 2013) agus na *Dréacht-Treoirínte Folláine don tSraith Shóisearach* de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM 2016) ina gcúnamh ar leith do scoileanna agus clár oiriúnach á fhorbairt acu chun folláine a chur chun cinn. Ina theannta sin, molann cigirí go mbainfeadh scoileanna úsáid as próiseas na féinmheastóireachta mar bhonn lena bpleanáil scoile uile.

AGUISÍN 1: Soláthar Oideachais do Leanaí faoi Choinneáil agus faoi Chúram – Aibreán 2016

Ainm	Foras Pátrúnachta	Catagóir an tsoláthair	Foireann Údaraithe	Uaireanta Comhoibre ¹⁰
St. Josephs, Tigh an Chalaigh, Cluain Meala 42694A	Bord Oideachais agus Oilíúna	Scoil Speisialta do leanaí i gcúram cónaithe. Ní aithníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna mar scoil í	n/a	15043
Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh 42693V	Gan foras pátrúnachta ar bith	Scoil coinneála leanaí. Ní aithníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna mar scoil í	n/a	23,607 + 941.22 do sholáthar an tsamhraidh
Baile Uí Dhúda 20390E	TUSLA	Scoil aitheanta in aonad sainchúram 20390E	Príomhoide +2 mhúinteoirí lánaimseartha agus 10 n-uaire páirtaimseartha in aghaidh na seachtaine	2,586
Crannog Nua 20136N	TUSLA	Scoil aitheanta faoi láthair ag AAT. Ó Mheán Fómhair 2016 ní fhreastalóidh sí ach ar leanaí i sainchúram	Príomhoide +3 múinteoirí lánaimseartha agus 15 uair páirtaimseartha in aghaidh na seachtaine	0
Naomh Cainneach 20117J	TUSLA	Aonad Ardtacaíochta agus Aonad Sainchúram	Príomhoide +4 múinteoirí lánaimseartha agus 23.5 uair páirtaimseartha in aghaidh na seachtaine	800
An Scoil Speisialta Ardtacaíochta 20132F	Easpag Chaisil agus Osraí Eaglais na hÉireann agus Easpag Osraí na hEaglaise Caitlicí.	Ardtacaíocht amháin	Príomhoide +3 agus 42.5 uair páirtaimseartha in aghaidh na seachtaine	*1110 - 555 do BOO Chill Chainnigh & Cheatharlach agus 555 do BOO Phort Láirge & Loch Garman
Coláiste Ard Álainn 42695C	TUSLA	Áis oideachais faoi shainchúram BOO Chorcaí d'Ardtacaíocht agus Sainchúram. Ní aithníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna mar scoil í.	n/a	5,210
SN na Tríonóide Naofa 20355C	Ardeaspag Chaisil agus Osraí	Bunscoil aitheanta – le rang speisialta don Aonad Ardtacaíochta i bhFíodh Ard	1 múinteoir ranga speisialta	

¹⁰ Uaireanta leithdháilte chuig na Boird Oideachais agus Oilíúna ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun a chinntiú go bhfuil sé d'acmhainn ag na scoileanna seo raon leathan d'ábhair iar-bhunscoile a sholáthar. Úsáidtear go coitianta iad chun teagasc a sholáthar in ábhair speisialta amhail adhmaadóireacht, eacnamaíocht bhaile etc.

AGUISÍN 2: Leabharliosta

Byrne, A.M. (2014) *Education for Juvenile Offenders – Process and Experience in an Irish Detention School*. Tráchtas Ph.D nár foilsíodh: Coláiste Phádraig, Droim Conrach.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2006) *Youth Encounter Project (YEP) Schools Value For Money Review*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013) *Treoirlínte Folláine d'Iar-Bhunscoileanna*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016) *Ag Breathnú ar an Scoil Againne – Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2016) *Dréacht-Treoirlínte Folláine don tSraith Shóisearach*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (2014) *Delivery for Students with Special Educational Needs: A Better and More Equitable Way*. Baile Átha Troim: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta 2014.